Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Nollaig 2018**
**(OR. en)**

**15561/18**

**AELE 67**
**EEE 52**
**N 69**
**ISL 49**
**FL 48**
**AND 5**
**MC 5**
**SM 6**
**MI 997**
**FISC 562**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14661/18 AELE 57 EEE 47 N 61 ISL 45 FL 44 AND 4 MC 4 SM 5 MI 890 FISC 503 + COR 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le margadh inmheánach leathnaithe aonchineálach agus maidir le caidreamh an Aontais le tíortha in Iarthar na hEorpa nach Ballstáit den Aontas iad |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, conclúidí ón gComhairle maidir le margadh inmheánach leathnaithe aonchineálach agus maidir le caidreamh an Aontais le tíortha in Iarthar na hEorpa nach Ballstáit den Aontas iad, ar conclúidí iad a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) ar an 11 Nollaig 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**MAIDIR LE MARGADH INMHEÁNACH LEATHNAITHE AONCHINEÁLACH**

**AGUS MAIDIR LE CAIDREAMH AN AONTAIS LE TÍORTHA IN IARTHAR NA hEORPA NACH BALLSTÁIT DEN AONTAS IAD**

Ghlac an Chomhairle na conclúidí seo a leanas:

1. I gcomhréir lena conclúidí an 13 Nollaig 2016, rinne an Chomhairle measúnú ar staid fhoriomlán an chaidrimh idir an tAontas Eorpach agus na tíortha seo a leanas in Iarthar na hEorpa nach baill den Aontas iad: Poblacht na hÍoslainne, Prionsacht Lichtinstéin, Ríocht na hIorua, Prionsacht Andóra, Prionsacht Mhonacó agus Poblacht San Mairíne. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar staid fhoriomlán an chaidrimh idir AE agus Cónaidhm na hEilvéise go luath in 2019. Déanfaidh an Chomhairle measúnú an athuair ar staid an chaidrimh sin i gceann dhá bhliain, de réir mar is iomchuí.

**COMHARSANA AN AONTAIS EORPAIGH IN IARTHAR NA hEORPA**

2. Is iad na tíortha in Iarthar na hEorpa nach baill den Aontas iad na comhpháirtithe is dlúithe atá ag an Aontas agus é ag féachaint leis an Eoraip a dhéanamh níos láidre, níos sábháilte, níos iomaíche agus níos rathúla. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí don Aontas Eorpach atá an caidreamh leis na comhpháirtithe speisialta sin go léir atá ar aon intinn linn. Tá an comhar seanbhunaithe eadrainn bunaithe ar bhunluachanna agus bunleasanna atá i gcoitinne againn agus tá an oidhreacht agus an stair atá i gcoitinne againn, chomh maith leis na ceangail láidre chultúrtha agus gheografacha, mar bhonn faoi seo chomh maith. A bhuí leis an gcomhtháthú eacnamaíoch faoi chuimsiú mhargadh inmheánach leathnaithe an Aontais Eorpaigh, neartaítear an caidreamh eadrainn a thuilleadh agus déantar idirspleáchas ár rathúnais agus ár n-iomaíochais amach anseo a shainiú leis. Le dhá bhliain anuas, tá feabhas curtha ar an dlúthchaidreamh eadrainn trí roinnt tionscnamh i raon leathan réimsí straitéiseacha.

3. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil ár gcomhtháthú eacnamaíoch ag brath ar lánurraim do cheithre shaoirse an mhargaidh inmheánaigh. Dá bhrí sin, tá freagracht ar na Stáit ar fad atá rannpháirteach cheana, nó ar mian leo a leibhéal rannpháirtíochta a mhéadú sa mhargadh inmheánach leathnaithe, sláine agus aonchineálachas an mhargaidh a áirithiú, chomh maith le lánurraim do chearta agus oibleagáidí cothroma ag saoránaigh agus gnólachtaí araon.

4. Tugann an Chomhairle dá haire an comhar den chéad scoth i réimsí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais amhail cabhair um fhorbairt, cearta an duine, an smacht reachta, agus an comhbheartas eachtrach agus slándála. Cuireann an Chomhairle buíochas ó chroí in iúl as ailíniú na gcomhpháirtithe is dlúithe dá cuid in Iarthar na hEorpa le hionstraimí agus seasaimh bheartas eachtrach an Aontais. Tá an Chomhairle ag súil le comhdhlúthú agus neartú an ailínithe sin. Tá an comhar i bhfóraim idirnáisiúnta mar bhonn faoi dhiongbháilteacht an Aontais agus a chomhpháirtithe in Iarthar na hEorpa nach baill den Aontas iad chun an t-iltaobhachas a neartú a thuilleadh.

5. Ós rud é go bhfuil teorainneacha acu lena chéile, tá na dúshláin slándála chéanna roimh an Aontas agus a chomharsana Eorpacha nach baill den Aontas iad, agus braithimid ar a chéile chun an chobhsaíocht náisiúnta agus réigiúnach a áirithiú. Is mór an díol sásaimh don Chomhairle comhar an Aontais leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua i réimse an cheartais agus gnóthaí baile.

6. Tugann an Chomhairle dá haire na dúshláin a bhaineann le comhbhainistiú na stoc éisc san Atlantach Thoir Thuaidh. Tá géarghá le réimis chuimsitheacha chothroma bhainistíochta a chomhaontú chun na tairbhí tábhachtacha eacnamaíocha a bhainimid as na stoic seo a choinneáil, agus chun róshaothrú agus dul i laghad stoc dá bharr a sheachaint, réimis ina mbeadh freagracht bhainistíochta ar gach Páirtí as na stoic seo, an Iorua agus an Íoslainn san áireamh.

**<u>POBLACHT NA hÍOSLAINNE</u>**

7. Is mór ag an gComhairle an dlúthchomhar leis an Íoslainn, i réimsí amhail an taighde, an nuálaíocht, an beartas don chomhshaol agus don athrú aeráide, agus ceartas agus gnóthaí baile. Tá sí ullamh an comhar seo a neartú sna réimsí uile a bhaineann leis an leas frithpháirteach. Is comhpháirtí tábhachtach iontaofa í an Íoslainn don Aontas Eorpach.

8. Tá an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) fós mar chloch choirnéil dár gcaidreamh. I ndáil leis an méid sin, is mian leis an gComhairle an Íoslainn a mholadh as níos mó béime a leagan ar Chomhaontú LEE agus as níos mó acmhainní a dhíriú air, lena n-áirítear maidir le reachtaíocht an Aontais a bhaineann le LEE a chorprú agus a chur chun feidhme go tráthúil.

9. Is fiú aird a tharraingt ar théarnamh eacnamaíoch urrúnta na hÍoslainne tar éis na géarchéime airgeadais agus eacnamaíche in 2008. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta maidir le plean cuimsitheach rialtas na hÍoslainne chun deireadh a chur le rialuithe caipitil gan cobhsaíocht eacnamaíoch agus airgeadais na tíre a chur i mbaol. Meabhraíonn an Chomhairle nach féidir srianta a chur chun feidhme ach amháin go sealadach ar bhonn fhorálacha Airteagal 43 de Chomhaontú LEE.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle teacht i bhfeidhm na gComhaontuithe, ar an 1 Bealtaine 2018, idir an tAontas agus an Íoslainn maidir le fabhair thrádála bhreise i ndáil le táirgí talmhaíochta bunúsacha agus próiseáilte agus maidir leis na tásca geografacha a chosaint i gcás táirgí talmhaíochta agus bia-earraí. Léirítear leis na comhaontuithe sin a thoilteanaí atá na páirtithe trádáil a chur chun cinn agus a fhorbairt i gcás táirgí ar ardcháilíocht, rud a rachaidh chun sochair na dtomhaltóirí, na bhfeirmeoirí agus na dtionscal san Íoslainn agus san Aontas araon.

11. Is mór chun leas an Aontais atá sé cur leis an rannpháirtíocht trasearnála atá aige san Artach agus an rannpháirtíocht sin a fhorbairt a thuilleadh. Is dlúth-chomhpháirtí iontaofa í an Íoslainn sa mhéid a bhaineann le saincheisteanna Artacha. Mar sin de, tá an Chomhairle ag súil le forbairt a dhéanamh ar an gcaidreamh speisialta sin chun an tairbhe is fearr a bhaint as na deiseanna atá á dtairiscint san Artach, go háirithe i réimsí an taighde agus na heolaíochta, na gníomhaíochta chun feabhas a chur ar athléimneacht ó thaobh an athraithe aeráide de agus cosc a chur ar thruailliú. Is fada leis an gComhairle freisin go mbeidh cathaoirleacht na Comhairle Artaí ag an Íoslainn don tréimhse 2019-2021. Is díol sásaimh don Chomhairle go leanann an Íoslainn de thacaíocht láidir a thabhairt don Aontas Eorpach chun go dtabharfar stádas breathnóra dó sa Chomhairle Artach.

12. Ag meabhrú di na conclúidí uaithi i mí na Nollag 2016, athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí go láidir le caomhnú an mhoratóra maidir le seilg thráchtála míolta móra arna chomhaontú go hidirináisiúnta agus arna bhunú faoi Choimisiún Idirnáisiúnta na Míolta Móra, agus go dtacaíonn sí freisin le céiticigh agus speicis eile mhuirí a liostú faoin gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES). Mar sin de, áitíonn an Chomhairle ar an Íoslainn seilg thráchtála míolta móra a fhágáil uaithi nuair a bheidh deireadh leis an gcuóta cúig bliana atá ann faoi láthair ag deireadh 2018, le go n-urramófar an moratóir maidir le seilg thráchtála míolta móra arna chomhaontú go hidirnáisiúnta agus arna bhunú faoi Choimisiún Idirnáisiúnta na Míolta Móra, agus na forchoimeádais atá aici faoi CITES i ndáil leis an speiceas seo agus speicis mhuirí eile a tharraingt siar.

**PRIONSACHT LICHTINSTÉIN**

13. Tá dea-chaidreamh dinimiciúil idir an tAontas agus Lichtinstéin, agus d'éirigh an caidreamh sin níos láidre arís ó 2016 i leith. Is mór ag an gComhairle an comhar leanúnach den scoth le Lichtinstéin sna réimsí arna gcumhdach le Comhaontú LEE agus Comhaontú Schengen, agus i réimsí eile chomh maith. Tháinig méadú ar an gcomhar i réimse an bheartais eachtraigh.

14. Tá an Chomhairle ag súil leis an gcomhar cuiditheach idir an tAontas agus Lichtinstéin a neartú a thuilleadh, go háirithe faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe, Chomhairle na hEorpa agus na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, go mór mór maidir le ceisteanna amhail an smacht reachta a neartú, urraim do chearta an duine, an ceartas coiriúil idirnáisiúnta, chomh maith le dul i ngleic leis an gcoireacht airgeadais agus an sciúradh airgid.

15. Tugann an Chomhairle dá haire le teann sásaimh go bhfuil an taithí fhairsing atá ag Lichtinstéin ó thaobh LEE agus comhaontuithe eile atá aici á roinnt aici leis an Aontas agus le tíortha beaga eile in Iarthar na hEorpa.

16. Is mór an díol sásaimh é an méid a rannchuidigh rannpháirtíocht Lichtinstéin san uathmhalartú faisnéise cánach mar 'luathghlacadóir' den chomhchaighdeán tuairiscithe, agus faisnéis á malartú aici ó mhí Mheán Fómhair 2017 i leith, leis na hathruithe móra a rinneadh ar fud na cruinne ó thaobh trédhearcacht chánach de le blianta beaga anuas.

17. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhar cuiditheach trédhearcach oscailte le Lichtinstéin, arb é is aidhm dó prionsabail agus critéir uile Chód Iompair an Aontais maidir le Cánachas Gnó a chur i bhfeidhm. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh di go háirithe gur tugadh chun críche go gasta in 2018 an próiseas reachtach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a shainaithin Meitheal an Aontais um an gCód Iompair. D'aithin ECOFIN an dul chun cinn a rinneadh ar an 2 Deireadh Fómhair 2018.

## **RÍOCHT NA hIORUA**

18. Is dlúth-chomhpháirtí de chuid an Aontais le fada an lá í an Iorua. Oibríonn an tAontas agus an Iorua le chéile chun aghaidh a thabhairt ar chuid mhór dúshlán coitianta, amhail an t-athrú aeráide, imirce, agus cosaint dár gcuid saoránach. Is caidreamh den scoth atá eatarthu, ar an iomlán, le dhá bhliain anuas. Is díol sásaimh don Chomhairle an Straitéis um Chomhar leis an Aontas (2018-2021) a ghlac rialtas na hIorua ar an 9 Bealtaine i mbliana.

19. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhar láidir leanúnach leis an Iorua i réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála (CBES) agus i réimse an chomhbheartais slándála agus cosanta (CBSC) agus dearbhaíonn sí go bhfuil an tAontas tiomanta don chomhar sin a neartú a thuilleadh. Is léir gur rannchuidigh an Iorua leis an gcomhbheartas slándála agus cosanta le blianta anuas, rannpháirtíocht i roinnt misean faoi stiúir an Aontais san áireamh. Bunaítear comhar idir an tAontas agus an Iorua ar luachanna comhroinnte, go mór mór ar urraim do chearta an duine agus ar phrionsabail dhaonlathacha, agus clúdaítear idirghabháil, cothú na síochána agus an clár oibre idirnáisiúnta don fhorbairt leis an gcomhar sin fosta.

20. Tá tuiscint láidir ar an bhfreagracht ag an Aontas agus ag an Iorua araon i ndáil lenár saoránach, ár dtimpeallacht nádúrtha agus ar na glúine a thiocfaidh inár ndiaidh. Is díol sásaimh don Chomhairle gur léir gur mian leis an Iorua leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta sa chomhar idirnáisiúnta maidir leis an aeráid, agus oibriú chun gealltanais Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, in éineacht leis an Aontas.

21. Is díol sásaimh don Chomhairle Straitéis Artach na hIorua, ó mhí an Mhárta 2017, ina leagtar amach fís na hIorua do limistéar Artach síochánta nuálach inbhuanaithe, agus na beartais le go gcomhlíonfar an fhís sin. Go háirithe, is mór ag an gComhairle an tacaíocht leanúnach atá á tabhairt ag an Iorua do rannpháirtíocht an Aontais san Artach, lena n-áirítear i gcomhthéacs Fhóram Artach na nGeallsealbhóirí, agus chun go mbeidh an tAontas ina bhreathnóir sa Chomhairle Artach. Is comhpháirtithe lárnacha iad an tAontas agus an Iorua ó thaobh aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an aigéan fosta, ar an leibhéal domhanda agus ar an leibhéal réigiúnach araon. Tá dlúthchomhar eatarthu i réimsí an iascaigh agus gnóthaí muirí, taighde agus nuálaíochta, an oideachais, an chultúir, agus in a lán réimsí eile.

22. Is soláthróir mór ag an Aontas í an Iorua i gcónaí ó thaobh ola agus gáis de, ach is dlúth-chomhpháirtí í ó thaobh fhoinsí eile fuinnimh a fhorbairt freisin. Tá an dlúthchomhar sin ríthábhachtach do shlándáil fuinnimh an Aontais agus do chuspóirí an Aontais Fuinnimh.

23. Is díol sásaimh don Chomhairle síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas agus Ríocht na hIorua ar an 6 Feabhra 2016 i leith comhar riaracháin, calaois a chomhrac agus éilimh ar aisghabháil i réimse cáin bhreisluacha.

24. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá an Iorua mar cheann de phríomh-chomhpháirtithe trádála an Aontais, agus is díol sásaimh di teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Iorua agus an tAontas maidir le fabhair thrádála bhreise i ndáil le táirgí talmhaíochta bunúsacha, ar an 1 Deireadh Fómhair 2018._Athdhearbhaíonn an Chomhairle go láidir a hiarraidh ar an Iorua páirt ghníomhach a ghlacadh, mar thosaíocht agus gan mhoill, i bpróiseas caibidlíochta cuiditheach maidir le léirscaoileadh trádála i dtáirgí próiseáilte talmhaíochta faoi chuimsiú Airteagal 2(2) agus Airteagal 6 de Phrótacal 3 a ghabhann le Comhaontú LEE. Iarrann an Chomhairle ar an Iorua dul i mbun na caibidlíochta an athuair maidir le tásca geografacha a chosaint, ar gné thábhachtach é den trádáil idirnáisiúnta i dtáirgí talmhaíochta agus i mbia-earraí.

25. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí go láidir le caomhnú an moratorium arna chomhaontú go hidirináisiúnta agus arna bhunú faoi Choimisiún Idirnáisiúnta na Míolta Móra, agus go dtacaíonn sí freisin le céiticigh agus speicis eile muirí a liostú faoin gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine atá i mBaol (CITES). Dá réir sin, tathantaíonn sí ar an Iorua stad de chuótaí a eisiúint maidir le míolta móra, an moratóir maidir le seilg thráchtála míolta móra arna bhunú go hidirnáisiúnta agus arna bhunú faoi Choimisiún Idirnáisiúnta na Míolta Móra a urramú, agus na forchoimeádais atá aici faoi CITES i ndáil leis an speiceas seo agus speicis mhuirí eile a tharraingt siar.

## AN LIMISTÉAR EORPACH EACNAMAÍOCH

26. Tugann an Chomhairle dá haire gur éirigh le Comhaontú LEE leanúint d'fheidhmiú ar bhealach sásúil. Is díol sásaimh don Chomhairle gur ionchorpraíodh píosaí reachtaíochta atá an-tábhachtach sa Chomhaontú LEE le dhá bhliain anuas, amhail an Rialachán Péidiatraic, an Pacáiste maidir le Táirgeacht Orgánach agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Maidir leis an Rialachán Ginearálta sin, is é an t-athchóiriú is mó a rinneadh ó thaobh cosaint sonraí de le fiche bliain anuas. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí iarracht níos mó d'fhonn an reachtaíocht atá ar feitheamh a chur chun feidhme go mear, amhail an Tríú Pacáiste Fuinnimh, an Treoir maidir le Sábháilteacht Amach ón gCósta, an Tríú Treoir maidir le Post, agus reachtaíocht maidir le hOrgánaigh Ghéinmhodhnaithe agus maidir le Frithsciúradh Airgid.

27. Cé go bhfuil níos mó ná leath de ghníomhartha dlíthiúla an Aontais atá ar feitheamh lena n-ionchorprú fós i réimse na seirbhísí airgeadais, tugann an Chomhairle dá haire gur neartaíodh na hiarrachtaí atá á ndéanamh sa réimse seo agus gur ionchorpraíodh roinnt gníomhartha lárnacha le cúpla mí anuas. Maidir leis sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle go ráthaítear éifeachtúlacht, inbhuanaitheacht agus, i ndeireadh na dála, inchreidteacht an mhargaidh inmheánaigh le prionsabail na haonchineálachta agus na deimhneachta dlíthiúla, agus dá bharr sin, ní foláir go leanfaidh na prionsabail sin de na páirtithe uile a threorú maidir le feidhmiú Chomhaontú LEE.

28. Is díol sásaimh don Chomhairle rannchuidiú na hÍoslainne, Lichtinstéin agus na hIorua chun na héagothromaíochtaí sóisialta agus eacnamaíochta sa LEE don tréimhse 2014-2021 a laghdú, trí LEE agus Sásraí Airgeadais na hIorua. Téann an rannchuidiú sin chun tairbhe LEE ina iomláine.

29. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta sa chaibidlíocht maidir leis na Meabhráin Tuisceana agus síniú na Meabhrán sin leis an gcuid is mó de na tíortha is tairbhithe do thréimhse chistiúcháin 2014-2021. Tá an Chomhairle ag súil go ndéanfar na cláir ar fad a cheapadh, a fhormheas agus a chur chun feidhme go mear, rud a chruthóidh tionchar dearfach ar an bhfód sna hearnálacha tosaíochta uile atá beartaithe. Ba cheart aird faoi leith a dhíriú ar thacaíocht do shaorshochaí shibhialta bhríomhar sa LEE freisin.

30. Meabhraíonn an Chomhairle go bhforáiltear le hAirteagal 19 de Chomhaontú LEE gur cheart do na Páirtithe Conarthacha leanúint dá n-iarrachtaí léirscaoileadh trádála a bhaint amach de réir a chéile i dtáirgí trádála agus, chuige sin, ba cheart athbhreithnithe a dhéanamh, gach dhá bhliain, ar na coinníollacha trádála i dtáirgí talmhaíochta, d'fhonn féachaint an bhféadfaí aon lamháltais a dhéanamh.

31. Tarraingítear ceisteanna tábhachtacha anuas fosta do Stáit CSTE LEE le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé Comhaontú LEE a chosaint, agus áiritheofar leis sin go leanfar le LEE aonchineálach dea-fheidhmitheach agus caomhnófar sláine an mhargaidh inmheánaigh. Ba cheart coimeád leis an idirphlé dlúth agus malartú leanúnach faisnéise a bunaíodh idir an tAontas agus Stáit CSTE LEE i ndáil leis an gcaibidlíocht idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe faoi Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas agus, más gá, ba cheart an méid sin a neartú sna céimeanna deiridh den phróiseas.

32. Dhearbhaigh an tAontas agus tíortha LEE go mion minic go dtacaíonn siad le comhaontú LEE. Tugann an Chomhairle dá haire le teann sásaimh an bhéim mhéadaitheach a chuirtear ar iarrachtaí for-rochtana poiblí agus ar iarrachtaí cumarsáide, chun cur leis an bhfeasacht i leith a thábhachtaí atá Comhaontú LEE ó thaobh comhtháthú eacnamaíoch a chur ar aghaidh idir an tAontas agus Stáit CSTE LEE agus maidir lenár leasanna coitianta a chosaint.

## PRIONSACHT ANDÓRA, PRIONSACHT MHONACÓ AGUS POBLACHT SAN MAIRÍNE

33. Tugann an Chomhairle dá haire le teann sásaimh gur láidre fós an caidreamh iontach atá idir an tAontas agus Andóra, Monacó agus San Mairíne le dhá bhliain anuas. Chuaigh an idirghníomhaíocht mhéadaitheach idir an tAontas agus na trí chomhpháirtí i bhfeidhm go mór ar an gcaidreamh sin, chomh maith leis an dul chun cinn a rinneadh sa chaibidlíocht d'fhonn Comhaontú Comhlachais amháin nó níos mó díobh (an 'Comhaontú') a thabhairt chun críche.

34. Meabhraíonn an Chomhairle go bhforáiltear sa Chomhaontú do rannpháirtíocht Andóra, Monacó agus San Mairíne i margadh inmheánach an Aontais, agus do chomhar leis an Aontas i réimsí beartais eile. Tugann an Chomhairle dá haire le teann sásaimh go bhfuil an chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú, a chuathas ina bun ar an 18 Márta 2015, ag an gcéim chinntitheach anois. Is díol sásaimh don Chomhairle, *inter alia*, an dul chun cinn atá déanta le hAndóra maidir le hearnáil an tobac agus molann sí do na páirtithe uile leanúint go gníomhach dá n-iarrachtaí chun go dtabharfar an chaibidlíocht sin chun críche go mear, agus d'fhéadfadh, de rogha, aon chomhaontú amháin a bheith mar thoradh ar an gcaibidlíocht sin, lena ngabhfadh prótacail tír-bhainteacha agus iarscríbhinní a bhaineann leis an *acquis*.

35. Tá an tAontas iomlán tiomanta agus réidh chun dul i mbun oibre le go gcuirfear críoch leis an bplé faoi chreat an Chomhaontaithe faoi earrach na bliana 2019. Tuigeann an Chomhairle nach mór go leanfar leis an gcaibidlíocht maidir leis an *acquis* a bheith á shealbhú ag na trí chomhpháirtí. I ndáil leis an méid sin, molann an Chomhairle d'Andóra, Monacó agus San Mairíne leanúint dá gcumas riaracháin a neartú agus comhar a lorg le comhpháirtithe, Ballstáit san áireamh. Beidh sin ina chuidiú chun sealbhú mear an *acquis* a áirithiú le linn na caibidlíochta agus ina dhiaidh sin, agus leis na páirtithe uile agus an Comhaontú á bhainistiú, á chur chun feidhme agus á fhorfheidhmiú acu agus faireachán á dhéanamh acu air.

36. Meabhraíonn an Chomhairle gur cheart don leibhéal ard comhtháthaithe le hAndóra, Monacó agus San Mairíne, atá beartaithe leis an gComhaontú a bheidh ann amach anseo, a bhunú *inter alia*, ar luachanna comhroinnte Andóra, Mhonacó, San Mairíne agus chonarthaí an Aontais, ar cheithre shaoirse an mhargaidh inmheánaigh agus beartais chothrománacha agus tionlacain ghaolmhara, ar chothrom iomaíochta a bhunú, ar dhea-rialachas cánach agus ar fhondúireachtaí institiúideacha láidre agus athléimneacha. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cheart freisin an Comhaontú a bheidh ann amach anseo a bhunú ar dhea-fheidhmiú agus aonchineálacht an mhargaidh inmheánaigh agus ar dheimhneacht dhlíthiúil, ach sainiúlachtaí gach tíre á gcur san áireamh ag an am céanna mar aon lena staideanna ar leith féin, i gcomhréir leis an Dearbhú ar Airteagal 8 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

37. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le creat institiúideach comhleanúnach, éifeachtúil, éifeachtach a bhunú chun taca a chur faoin gComhaontú; ba cheart go n-áireofaí go háirithe leis sin:

a) fóram le haghaidh comhairliúcháin idir na páirtithe lena n-áiritheofar dea-fheidhmiú agus cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe;

b) seilbh na dtrí thír ar *acquis* an Aontais ar bhealach dinimiciúil a áirithiú;

c) foráil do chur i bhfeidhm aonfhoirmeach agus léirthuiscint chomhsheasmhach ar fhorálacha an Chomhaontaithe; agus

d) sásra um réiteach díospóidí atá cothrom, éifeachtach agus éifeachtúil.

38. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé reachtaíocht agus cleachtais saothair agus slándála sóisialta Andóra, Monacó agus San Mairíne a chur in oiriúint do chaighdeáin an Aontais agus do chaighdeáin idirnáisiúnta.

39. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag Andóra, Monacó agus San Mairíne chun a reachtaíocht chánach agus cleachtais chánacha a chur in oiriúint do chaighdeáin an Aontais agus do chaighdeáin idirnáisiúnta. Tugann an Chomhairle dá haire, gur dearbhaíodh ag Fóram Domhanda OECD maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun críocha Cánach go raibh an rátáil 'comhlíontach' faighte ag Monacó agus San Mairíne i ndáil leis an gcaighdeán idirnáisiúnta ó thaobh faisnéis a mhalartú arna iarraidh sin.

40. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhar cuiditheach trédhearcach oscailte le Andóra, Monacó agus San Mairíne, agus é mar aidhm prionsabail agus critéir uile Chód Iompair an Aontais maidir le Cánachas Gnó a chur i bhfeidhm. I ndáil leis sin, meabhraíonn an Chomhairle gur mheas ECOFIN ar an 5 Nollaig, gur chomhlíon Monacó na prionsabail agus na critéir sin. Is díol sásaimh don Chomhairle tabhairt i gcrích mear Andóra agus San Mairíne dá bpróisis reachtacha faoi seach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a shainaithin an Mheitheal um an gCód Iompair maidir le Cánachas Gnó faoi dheireadh 2018. D'aithin ECOFIN, ar an 4 Nollaig 2018, an dul chun cinn atá déanta ag Andóra agus San Mairíne.